# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2013

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Stair

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.
Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2013**

# SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR
# AN NUA-AOIS DHÉANACH

# GNÁTHLEIBHÉAL

***TUARASCÁIL AR AN STAIDÉAR TAIGHDE (TST)***
***(100 marc)***

**TEIDEAL AN STAIDÉIR (níl aon mharc ina leith seo)**

Ní cheadaítear marc ar bith i leith an teidil ach ní mór an teideal a thabhairt san áireamh sa mheastóireacht 'ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar staidéir' faoin *Meastóireacht ar na Foinsí*.

**PLEAN IMLÍNEACH (15 mharc)**

Foinsí a lua = 6 mharc Gnéithe eile = 9 marc

**Foinsí a lua**

Iarrtar dhá fhoinse a lua.

Foinse amháin a lua go cuimsitheach agus go cruinn = 3 mharc

3 mharc x 2 = 6 mharc do dhá fhoinse

Teideal = 1 mharc

Údar = 1 mharc

Mír eolais eile sa bhreis air sin mar fhianaise (m.sh.: foilsitheoir, dáta foilsithe, seoladh suíomh idirlín, etc.) = 1 mharc

**An t-ábhar staidéir atá molta a shainiú agus bunús a thabhairt dó, ag sonrú na n-aidhmeanna agus an chuir chuige atá i gceist.**

An leagann an t-iarrthóir amach go soiléir an t-ábhar a bhfuil sé i gceist staidéar a dhéanamh air agus an chúis go ndéantar? An leagann an t-iarrthóir amach na haidhmeanna leis an staidéar agus an chaoi ar dóigh go mbainfear amach iad?

Agus an freagra á mheas ina iomláine, cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

***go han-mhaith*** = 8-9 marc
***go maith*** = 6-7 marc
***réasúnta*** = 3-5 mharc
***go lag*** = 0-2 mharc

## MEASTÓIREACHT AR NA FOINSÍ (25 marc)

Tagairt a dhéanamh d'fheabhas nó do laige na bhfoinsí agus léargas a thabhairt ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar.

Cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

| | |
|---|---|
| Tagairt don DÁ fhoinse | ***go han-mhaith*** = 21-25 marc<br>***go maith*** = 15-20 marc<br>***réasúnta*** = 8-14 mharc<br>***go lag*** = 0-7 marc |
| Gan ach tagairt d'fhoinse AMHÁIN | ***go han-mhaith*** = 14-17 marc<br>***go maith*** = 10-13 mharc<br>***réasúnta*** = 5-9 marc<br>***go lag*** = 0-4 mharc |

## AISTE FHADA (60 marc)

Aiste staire = 50 marc Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde = 10 marc

Is féidir an t-athbhreithniú ar an bpróiseas taighde a bheith ina chuid shlán den aiste nó is féidir é a chur i láthair mar ghné ar leith den obair.

Ba cheart an aiste staire a mheas mar aonad agus marcanna as 50 a bhronnadh mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***Eolas ar an stair – 25 marc***<br>Críochnúil,<br>cruinn<br>agus ag baint le hábhar an teidil | ***Go han-mhaith:*** 21-25<br>***Go maith:*** 15-20<br>***Réasúnta:*** 8-14<br>***Go lag:*** 0-7 |
| ***Scileanna taighde – 15 mharc***<br>Tá suntas ó thaobh staire leis an staidéar a roghnaíodh (ní ábhar gan iomrá, gan tábhacht é)<br>Plé cóir cothrom ar na ceisteanna.<br>Taighde sách domhain léirithe | ***Sármhaith*** 13-15<br>***Go han-mhaith:*** 10-12<br>***Go maith:*** 7-9<br>***Réasúnta:*** 4-6<br>***Go lag:*** 0-3 |
| ***Cur i láthair – 10 marc***<br>Leagan amach<br>Fad cuí | ***Go han-mhaith:*** 8-10<br>***Go maith:*** 6-7<br>***Réasúnta:*** 4-5<br>***Go lag:*** 0-3 |

*Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde (10 marc)*

Is féidir seo a chur i láthair mar chuid ann féin nó mar chuid shlán den aiste.
Ba cheart don scrúdaitheoir an cuntas ar an bpróiseas taighde a mheas ina iomláine.
Tar éis an t-athbhreithniú a mheas, ba cheart don scrúdaitheoir marcanna a bhronnadh mar seo a leanas:

***Go han-mhaith:*** 8-10
***Go maith:*** 6-7
***Réasúnta:*** 4-5
***Go lag:*** 0-3

***Roinn 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE (CDB)***
***(100 marc)***

Tá ceithre chuid sa cheist Dhoiciméad-bhunaithe:

1. Tuiscint (40 marc)
2. Comparáid (20 marc)
3. Criticeas (20 marc)
4. Comhthéacsúchán (20 marc)

***1. Tuiscint (40 marc)***

| | | |
|---|---|---|
| (a) | 13,600,000 | 8M |
| (b) | 25,000 | 8M |
| (c) | 400 | 8M |
| (d) | Kasavubu | 8M |
| (e) | 1964 | 8M |
| | | Uasmhéid = 40M |

***2. Comparáid (20 marc)***

(a) Aontaítear i nDoiciméad A agus i nDoiciméad B go bhfuil easaontas idir na Congólaigh = 2M

Luaitear i nDoiciméad A go raibh cuid de na 200 treibh "fós i mbun cogaíochta" i 1960. = 4M

Luaitear i nDoiciméad B: Níor mhair an tsíocháin i ndiaidh na dtoghchán i mí Bealtaine 1960 i bhfad mar gheall ar "easaontas i measc na dtreibheanna"
NÓ Thug "gluaiseacht scaradh" in Katanga dúshlán don rialtas NÓ
Bhí an Congó "go hiomlán i ngreim ag cogadh cathartha" ansin. = 4M

Marcáiltear cáilíocht an mhínithe de réir mar atá tuillte.

Freagra a luann an dá dhoiciméid = 4M + 4M Uasmhéid = 10M

(b) Léiríonn an dá dhoiciméad suim idirnáisiúnta sa Chongó = 2M

Luaitear i nDoiciméad A nach raibh aon dochtúir, dlíodóir, innealtóir ná oifigeach airm Chongólaigh sa tír. Mar sin de, caithfidh sé gurbh eachtrannaigh iad cibé dochtúirí, dlíodóirí, innealtóirí nó oifigigh airm a bhí ann, rud a léiríonn suim idirnáisiúnta sa tír.

Luaitear i nDoiciméad B gur reáchtáil an Bheilg toghcháin náisiúnta sa Chongó sa bhliain 1960. NÓ Sheol na Náisiúin Aontaithe fórsa síochána chun an Chongó, rud a léiríonn suim idirnáisiúnta.

Marcáiltear cáilíocht an mhínithe de réir mar atá tuillte.

Pointe amháin ón dá dhoiciméad = 4M + 4M Uasmhéid = 10M

***3. Criticeas (20 marc)***

(a) Is daoine "primitíbheacha" iad na Congólaigh. Tá cuid de na 200 treibh "fós i mbun cogaíochta". Labhraítear 400 canúint áitiúil. Níl léamh agus scríobh ach ag leath de na daoine. Níl ach líon fíorbheag céimithe ollscoile ann. Níl aon ghairmí ná oifigeach airm Chongólaigh ann.

Marcáiltear cáilíocht an mhínithe de réir mar atá tuillte.

Trí phointe chun tacú leis an bhfreagra Uasmhéid = 10M

(b) Bhí "easaontas i measc na dtreibheanna" sa stát nua. Thug gluaiseacht scaradh in Katanga dúshlán don rialtas. Ba bheag an mhaith a bhí san fhórsa síochána a sheol na Náisiúin Aontaithe.

Marcáiltear cáilíocht an mhínithe de réir mar atá tuillte.

Trí phointe chun tacú leis an bhfreagra Uasmhéid = 10M

***4. Comhthéacsúchán (20 marc)***

Marcáiltear de réir phrionsabal an Ráitis Bhuntábhachta. Uasmhéid = 20M

NB: Cén fáth ar scar Katanga? AMHÁIN = Uasmhéid = 10M
Conas a ghlac eachtrannaigh páirt sa ghéarchéim? AMHÁIN = Uasmhéid = 10M

Is féidir **Ráiteas Buntábhachta** a shainmhíniú mar ráiteas de chineál acu seo a leanas:

- Ráiteas faoi fhíric shuntasach a bhaineann le hábhar na ceiste a cuireadh
- Míniú, tuairim nó tráchtaireacht bhailí a bhaineann le hábhar na ceiste a cuireadh
- Ráiteas suntasach réamhráiteach **NÓ** clabhsúir a bhaineann le hábhar na ceiste a cuireadh

Maidir leis an bprionsabal marcála de réir Ráiteas Buntábhachta a chur i bhfeidhm, déanfaidh na scrúdaitheoirí mar seo a leanas:

- Tar éis an freagra a léamh, ba cheart é a bhriseadh suas ina Ráitis Bhuntábhachta, agus tic (√ ) a chur ag deireadh gach Ráitis Bhuntábhachta a chríochnaítear
- Bronntar 5 mharc ar gach Ráiteas Buntábhachta a chríochnaítear
- D'fhéadfadh go ngnóthófaí 1-4 mharc ar Ráiteas Buntábhachta nach gcríochnaítear ag deireadh freagra.

Sa chás seo, maidir le ceist 4 sa Cheist Dhoiciméad-bhunaithe, féachfaidh an scrúdaitheoir le 5 mharc an ceann a bhronnadh maidir le ceithre Ráiteas Buntábhachta maidir le hUasmhéid 20 marc.

***Roinn 2: ÉIRE (200 marc)***
***agus***
***Roinn 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (100 marc)***

Ní mór don iarrthóir freagairt mar gheall ar **dhá** Thopaic i Roinn 2 agus ar Thopaic **amháin** i Roinn 3.

Tá gach Topaic roinnte ina thrí chuid:

A. Aonad faoi spreagadh le 4/5 de cheisteanna gearra le tabhairt fúthu (uasmhéid: 30 marc)
B. Alt gairid le scríobh mar gheall ar cheann de cheithre cinn de cheannteidil (uasmhéid: 30 marc)
C. Alt níos faide le scríobh mar fhreagra ar cheann de cheithre cinn de cheisteanna (uasmhéid: 40 marc)

Déanfar an mharcáil ar A, B agus C mar seo a leanas:

A. Is é an gnáthrud go mbronnfar na marcanna de réir 6 mharc in aghaidh na ceiste agus le 6 mharc x 5 ghnóthófaí uasmhéid 30 marc. Féach ***Nótaí maidir le topaicí faoi leith*** thíos maidir le hathruithe ón nós sin.
B. Déanfar an mharcáil ar an bhfreagra seo de réir phrionsabail an Ráitis Bhuntábhachta mar a leagtar síos thuas. Ceadófar Uasmharc Carnach 20 marc i leith na Ráiteas Buntábhachta agus ceadófar Uasmharc 10 marc i leith Mheastóireacht Ghinearálta an scrúdaitheora ar an bhfreagra. Feic an scála aistritheach thíos.
C. Déanfar an mharcáil ar an bhfreagra seo de réir phrionsabail an Ráitis Bhuntábhachta mar a leagtar síos thuas. Ceadófar Uasmharc Carnach 30 marc i leith Ráitis Bhuntábhachta agus ceadófar Uasmharc 10 marc i leith Mheastóireacht Ghinearálta an scrúdaitheora ar an bhfreagra. Feic an scála aistritheach thíos.

**Marc Carnach (MC)**
Seo é an marc iomlán a bhronntar mar gheall ar Ráitis Bhuntábhachta, faoi réir ag uasmhéid marcanna 20 marc i gcás chuid B agus uasmhéid marcanna 30 marc i gcás chuid C.

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)**
Agus marcanna á mbronnadh faoi MG, tabharfaidh an scrúdaitheoir san áireamh a fheabhas a thagann an freagra leis an gceannteideal nó a théitear i ngleic leis an gceist a cuireadh. Beidh an tábla grádúcháin seo a leanas i bhfeidhm:

***Sármhaith*** 9-10 marc
***Go han-mhaith:*** 7-8 marc
***Go maith:*** 5-6 mharc
***Réasúnta:*** 3-4 mharc
***Lag:*** 0-2 mharc

Agus marcanna faoi MC agus MG araon á mbronnadh, beidh dearcadh oscailte ag an scrúdaitheoir, ag déileáil leis an ábhar, maidir leis an réimse freagraí inghlactha a bhféadfaí bheith ag súil leo ó iarrthóir ar an nGnáthleibhéal agus beidh tuiscint ag an scrúdaitheoir ar scóip an eolais agus na scileanna staire a éilítear faoin siollabas.

## *Nótaí maidir le topaicí faoi leith*

### *ROINN 2: ÉIRE (200 marc)*

Freagair ceisteanna ar **dhá** cheann de na sé thopaic thíos.

*Éire: Topaic 1*

**Éire agus an tAontas, 1815-1870**

A1. Chun an creideamh a chur chun cinn/Chun an riocht ina raibh na bochtáin a imscrúdú (6)

A2. Ar cois (6)

A3. Lámhbheart a bhí déanta as craiceann béir/bróga rubair/cóta polca/boinéad. DHÁ cheann ar bith (6)

A4. Bhí sí: ag canadh iomann/ag léamh as an mBíobla/ag dáileadh dréachtaí diaga. DHÁ cheann ar bith (6)

A5. Pointe bailí AMHÁIN faoi dhearcadh Trevelyan ar an nGorta. (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 2*

**Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914**

A1. An tseachtain seo chugainn/An tseachtain ina dhiaidh sin/Nuair a bheidh an pá stailce ídithe (6)

A2. Creachadh (6)

A3. Chuir an DMP cosc le creachadh (3) agus le glaoch amach an airm (3) (6)

A4. Níl ach dhá chomhlacht (Guinness agus Tramways) ina bhfostóirí/Níos lú tionsclaíochta i mBaile Átha Cliath (6)

A5. Píosa bailí fianaise AMHÁIN ar ról WM Murphy i 1913. (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG= 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 3*
**Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949**

A1. Neodracht (6)
A2. D'fhógair sé gur cheart d'Éirinn aontú leis na Stáit Aontaithe agus dul in aghaidh Hitler/D'fhógair sé gur cheart deireadh a chur leis an neodracht (6)
A3. Chaith Fine Gael Dillon amach (6)
A4. D'éirigh (6)
A5. Bealach bailí AMHÁIN ina raibh éifeacht mhór ag an Dara Cogadh Domhanda ar Éirinn (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG= 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 4*
**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

A1. Saol nua/Luach saothair níos fearr/Caighdeán oibre níos fearr DHÁ cheann ar bith @ 3M an ceann (6)
A2. Ní raibh na hÉireannaigh buíoch mar gur chreid siad gurbh éigean dóibh dul ar imirce a chéaduair de bharr na Breataine (6)
A3. Don seantír (Éire) nó dá gcuid comh-Éireannaigh sa Bhreatain (6)
A4. Bhí siad diúltach i leith na nÉireannach/Chaith siad leis na hÉireannaigh amhail agus a bhí siad scoite amach (6)
A5. DHÁ thír bhailí: e.g. Ceanada, an Astráil (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG= 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 5*
**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993**

A1. Ord Phrintísigh Dhoire (6)
A2. Ní féidir an searmanas chun é a insealbhú a chur i gcrích ach amháin laistigh de bhallaí na cathrach (6)
A3. Aire Tráchtála (6)
A4. Príomh-Aire (6)
A5. Aon chúis bhailí AMHÁIN (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG= 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 6*

**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

A1. Ar bhealach fánach (3) míchiallmhar (3) (6)

A2. Léirigh na ráitis easpa anailíse nó cruthú nuachta/Easpa disciplín, réamhléirithe agus bróid (6)

A3. Thug siad neamhaird ar na cúigí den chuid is mó (6)

A4. Bhí siad gléasta go dona/chaith siad seaicéid ghiobacha/choinnigh siad a lámha ina bpócaí/bhí drochurlabhra acu.
DHÁ cheann ar bith @ 3M an ceann (6)

A5. Pointe bailí AMHÁIN faoin méid a rinne Breandán Ó hEithir. (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG= 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

***ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (100 marc)***

<u>Freagair ceisteanna ar cheann **amháin** de na cúig thopaic thíos.</u>

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*

**An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871**

A1. Go raibh aon "chóras Metternich" de chineál ar bith ann (6)

A2. D'fhéadfadh sé bagairt a dhéanamh ar roinnt stáit Iodálacha ó tharla go raibh baint ag a thír le Lombardia agus Venetia (6)

A3. Bhí sé in ann a thionchar a chur chun feidhme trí pharlaimint na Cónaidhme Gearmánaí (6)

A4. An "Córas Comhdhálacha" (6)

A5. Pointe bailí AMHÁIN faoin deireadh a bhí le "córas Metternich" (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG= 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

***An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2***

**Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920**

A1. 12 míle san uair (6)

A2. Inneall dó inmheánaigh/Inneall lena ngabhann sorcóir cúplach/Inneall ar sé each-chumhacht (6)

A3. Tugann sé deis leas a bhaint as an aer úr nó as na radhairc áilleachta (6)

A4. Chuig na Móruaisle agus na Mionuaisle (6)

A5. Pointe bailí AMHÁIN faoi Karl Benz agus na gluaisteáin luatha. (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG= 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*
**Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945**

A1. (An chéad) seóthriail (6)
A2. Iriseoirí eachtracha (3M) agus taidhleoirí (3M) (6)
A3. Bhí siad armáilte le beaignití (3M) Ghardáil siad na cúisithe (3M) (6)
A4. Níl (3M) Aon chúis bhailí AMHÁIN (3M) (6)
A5. Aon chúis bhailí AMHÁIN maidir le cén fáth ar chuir Stalin seóthrialacha ar siúl (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG= 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*
**Easaontas agus ath-ailíniú san Eoraip, 1945-1992**

A1. Cathaoirleach Chomhairle Airí (Dhaon-Phoblacht na hUngáire) (6)
A2. Ionsaí na dtrúpaí Sóivéadacha ar Bhúdaipeist/ar an bpríomhchathair (6)
A3. Tá trúpaí Ungáracha i mbun troda (3M) Tá an rialtas fós i réim (3M) (6)
A4. Labhair sé ar an raidió (chun a chur in iúl do mhuintir na hUngáire agus an domhain)/Chuir sé an pobal ar a suaimhneas (6)
A5. Aon phointe bailí AMHÁIN faoin deireadh a bhí le réimeas Nagy (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG= 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*
**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

A1. Vítneam (3M) 1965 (3M) (6)
A2. Inneallghunna/Diúracáin ó dhromchla go haer (6)
A3. Tromchúiseach/Marfach/ “píolóta ag fáil báis” (6)
A4. Dearfach: Moltar “foireann chróga” an héileacaptair
Diúltach: Tugtar le tuiscint go bhfuil na héileacaptair “i mbaol” agus go bhfuiltear ag cailleadh “cogadh marfach” (6)
A5. Aon chúis bhailí AMHÁIN maidir le cén fáth ar fhág SAM Vítneam (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG= 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

Leathanach Bán

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2013

# SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR
# AN NUA-AOIS LUATH

# GNÁTHLEIBHÉAL

***TUARASCÁIL AR AN STAIDÉAR TAIGHDE (TST)***
***(100 marc)***

**TEIDEAL AN STAIDÉIR (níl aon mharc ina leith seo)**

Ní cheadaítear marc ar bith i leith an teidil ach ní mór an teideal a thabhairt san áireamh sa mheastóireacht 'ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar staidéir' faoin *Meastóireacht ar na Foinsí*.

**PLEAN IMLÍNEACH (15 mharc)**

Foinsí a lua = 6 mharc    Gnéithe eile = 9 marc

**Foinsí a lua**

Iarrtar dhá fhoinse a lua.

Foinse amháin a lua go cuimsitheach agus go cruinn = 3 mharc

3 mharc x 2 = 6 mharc do dhá fhoinse

Teideal = 1 mharc

Údar = 1 mharc

Mír eolais eile sa bhreis air sin mar fhianaise (m.sh.: foilsitheoir, dáta foilsithe, seoladh suíomh idirlín, etc.) = 1 mharc

**An t-ábhar staidéir atá molta a shainiú agus bunús a thabhairt dó, ag sonrú na n-aidhmeanna agus an chuir chuige atá i gceist.**

An leagann an t-iarrthóir amach go soiléir an t-ábhar a bhfuil sé i gceist staidéar a dhéanamh air agus an chúis go ndéantar? An leagann an t-iarrthóir amach na haidhmeanna leis an staidéar agus an chaoi ar dóigh go mbainfear amach iad?

Agus an freagra á mheas ina iomláine, cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

***go han-mhaith*** = 8-9 marc
***go maith*** = 6-7 marc
***réasúnta*** = 3-5 mharc
***go lag*** = 0-2 mharc

**MEASTÓIREACHT AR NA FOINSÍ (25 marc)**

Tagairt a dhéanamh d'fheabhas nó do laige na bhfoinsí agus léargas a thabhairt ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar.

Cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

Tagairt don DÁ fhoinse

***go han-mhaith*** = 21-25 marc
***go maith*** = 15-20 marc
***réasúnta*** = 8-14 mharc
***go lag*** = 0-7 marc

Gan ach tagairt d'fhoinse AMHÁIN

***go han-mhaith*** = 14-17 marc
***go maith*** = 10-13 mharc
***réasúnta*** = 5-9 marc
***go lag*** = 0-4 mharc

**AISTE FHADA (60 marc)**

Aiste staire = 50 marc Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde = 10 marc

Is féidir an t-athbhreithniú ar an bpróiseas taighde a bheith ina chuid shlán den aiste nó is féidir é a chur i láthair mar ghné ar leith den obair.

Ba cheart an aiste staire a mheas mar aonad agus marcanna as 50 a bhronnadh mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***Eolas ar an stair – 25 marc***<br>Críochnúil,<br>cruinn<br>agus ag baint le hábhar an teidil | ***Go han-mhaith:*** 21-25<br>***Go maith:*** 15-20<br>***Réasúnta:*** 8-14<br>***Go lag:*** 0-7 |
| ***Scileanna taighde – 15 mharc***<br>Tá suntas ó thaobh staire leis an staidéar a roghnaíodh (ní ábhar gan iomrá, gan tábhacht é)<br>Plé cóir cothrom ar na ceisteanna.<br>Taighde sách domhain léirithe | ***Sármhaith*** 13-15<br>***Go han-mhaith:*** 10-12<br>***Go maith:*** 7-9<br>***Réasúnta:*** 4-6<br>***Go lag:*** 0-3 |
| ***Cur i láthair – 10 marc***<br>Leagan amach<br>Fad cuí | ***Go han-mhaith:*** 8-10<br>***Go maith:*** 6-7<br>***Réasúnta:*** 4-5<br>***Go lag:*** 0-3 |

***Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde (10 marc)***

Is féidir seo a chur i láthair mar chuid ann féin nó mar chuid shlán den aiste.
Ba cheart don scrúdaitheoir an cuntas ar an bpróiseas taighde a mheas ina iomláine.
Tar éis an t-athbhreithniú a mheas, ba cheart don scrúdaitheoir marcanna a bhronnadh mar seo a leanas:

***Go han-mhaith:*** 8-10
***Go maith:*** 6-7
***Réasúnta:*** 4-5
***Go lag:*** 0-3

***Roinn 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE (CDB)***
***(100 marc)***

Tá ceithre chuid sa cheist Dhoiciméad-bhunaithe:

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Tuiscint | (40 marc) |
| 2. | Comparáid | (20 marc) |
| 3. | Criticeas | (20 marc) |
| 4. | Comhthéacsúchán | (20 marc) |

***1. Tuiscint (40 marc)***

| | | |
|---|---|---|
| (a) | Cairt na cruinne | 10M |
| (b) | An Gobharnóir | 10M |
| (c) | Ceithre cinn | 10M |
| (d) | Giúistís | 10M |
| | | Uasmhéid = 40M |

***2. Comparáid (20 marc)***

(a) Doiciméad A nó B nó iad araon

Luaitear i nDoiciméad A gur mhian leis an dream ba léannta i measc na Síneach leagan Sínise de chairt Ricci a bheith acu agus nuair a rinneadh é bhí an-éileamh air.

Luaitear i nDoiciméad B go raibh meas ag aicme liteartha na Síne ar Ricci. Bhí an-éileamh ar an leagan Sínise de leabhar Ricci ar Theagasc Críostaí agus thug giúistís amháin cuairt ar Ricci chun é a mholadh.

*Marcáiltear gach doiciméad ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc Go han-mhaith = 4 mharc Go maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc Go lag = 0-1 mharc

Freagra a luann an dá dhoiciméid = 5M + 5M                    Uasmhéid = 10M

(b) Doiciméad A nó B nó iad araon

Luaitear i nDoiciméad A go ndearna an leagan Sínise de leabhar Ricci a bhealach isteach i gcúirteanna an Ghobharnóra agus an Leasrí agus fiú amháin isteach i bpálás an Rí, ar iarratas uaidh féin.

Luaitear i nDoiciméad B go raibh duine de na Giúistísí ab airde céim sa tSín chomh tógtha sin le leabhar Ricci ar Theagasc Críostaí gur tháinig sé chun Teach an Mhisin chun é a mholadh.

Bítear ag súil le forluí le freagra ar 2(a) agus ceadaigh é.

*Marcáiltear gach doiciméad ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc   Go han-mhaith = 4 mharc   Go maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc   Go lag = 0-1 mharc

Freagra a luann an dá dhoiciméid = 5M + 5M                    Uasmhéid = 10M

## *3.* ***Criticeas*** ***(20 marc)***

(a) Tá fianaise phearsanta i nDoiciméad A ar cheann de na modhanna ar bhain Ricci leas as chun an Teagasc Críostaí a chur chun cinn. Thug an leagan Sínise de chairt na cruinne deis dó nótaí breise a chur isteach faoi rúndiamhra diaga an chreidimh Chríostaí. Rinneadh an chairt a athchló agus taispeánadh í i gcúirteanna agus i bpáláis na Síne agus, dá bhrí sin, scaipeadh an teachtaireacht.

Marcáiltear cáilíocht an mhínithe de réir mar atá tuillte.

*Marcáiltear míniú ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc   Go han-mhaith = 4 mharc   Go maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc   Go lag = 0-1 mharc
Uasmhéid = 10M

(b) Pointí fianaise faoi dhearcadh na Cúirte Ríoga i leith na nÍosánach.

Bhí duine de na giúistísí ab airde céim sa Chúirt Ríoga chomh tógtha sin le leabhar Ricci gur tháinig sé ar cuairt chuig na hÍosánaigh.
Ghabh an giúistís leithscéal le Ricci as a neamhaird roimhe seo agus gheall sé go mbeadh sé ina chara aige amach anseo.
Shíl an giúistís gur duine naofa é údar an leabhair agus nach bhféadfadh fir naofa fearacht na nÍosánach dochar a dhéanamh do leas an phobail.

Marcáiltear cáilíocht an mhínithe de réir mar atá tuillte.

*Marcáiltear gach pointe ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc   Go han-mhaith = 4 mharc   Go maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc   Go lag = 0-1 mharc

Tagairt do gach pointe = 5M + 5M    Uasmhéid = 10M

***4. Comhthéacsúchán (20 marc)***

Marcáiltear de réir phrionsabal an Ráitis Bhuntábhachta.
Uasmhéid = 20M

Is féidir **Ráiteas Buntábhachta** a shainmhíniú mar ráiteas de chineál acu seo a leanas:

- Ráiteas faoi fhíric shuntasach a bhaineann le hábhar na ceiste a cuireadh
- Míniú, tuairim nó tráchtaireacht bhailí a bhaineann le hábhar na ceiste a cuireadh
- Ráiteas suntasach réamhráiteach **NÓ** clabhsúir a bhaineann le hábhar na ceiste a cuireadh

Maidir leis an bprionsabal marcála de réir Ráiteas Buntábhachta a chur i bhfeidhm, déanfaidh na scrúdaitheoirí mar seo a leanas:

- Tar éis an freagra a léamh, ba cheart é a bhriseadh suas ina Ráitis Bhuntábhachta, agus tic (√ ) a chur ag deireadh gach Ráitis Bhuntábhachta a chríochnaítear
- Bronntar 5 mharc ar gach Ráiteas Buntábhachta a chríochnaítear
- D'fhéadfadh go ngnóthófaí 1-4 mharc ar Ráiteas Buntábhachta nach gcríochnaítear ag deireadh freagra.

Sa chás seo, maidir le ceist 4 sa Cheist Dhoiciméad-bhunaithe, féachfaidh an scrúdaitheoir le 5 mharc an ceann a bhronnadh maidir le ceithre Ráiteas Buntábhachta maidir le hUasmhéid 20 marc.

***Roinn 2: ÉIRE (200 marc)***
***agus***
***Roinn 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (100 marc)***

Ní mór don iarrthóir freagairt mar gheall ar **dhá** Thopaic i Roinn 2 agus ar Thopaic **amháin** i Roinn 3.

Tá gach Topaic roinnte ina thrí chuid:

A. Aonad faoi spreagadh le 4/5 de cheisteanna gearra le tabhairt fúthu (uasmhéid: 30 marc)
B. Alt gairid le scríobh mar gheall ar cheann de cheithre cinn de cheannteidil (uasmhéid: 30 marc)
C. Alt níos faide le scríobh mar fhreagra ar cheann de cheithre cinn de cheisteanna (uasmhéid: 40 marc)

Déanfar an mharcáil ar A, B agus C mar seo a leanas:

A. Is é an gnáthrud go mbronnfar na marcanna de réir 6 mharc in aghaidh na ceiste agus le 6 mharc x 5 ghnóthófaí uasmhéid 30 marc. Féach ***Nótaí maidir le topaicí faoi leith*** thíos maidir le hathruithe ón nós sin.
B. Déanfar an mharcáil ar an bhfreagra seo de réir phrionsabail an Ráitis Bhuntábhachta mar a leagtar síos thuas. Ceadófar Uasmharc Carnach 20 marc i leith na Ráiteas Buntábhachta agus ceadófar Uasmharc 10 marc i leith Mheastóireacht Ghinearálta an scrúdaitheora ar an bhfreagra. Feic an scála aistritheach thíos.
C. Déanfar an mharcáil ar an bhfreagra seo de réir phrionsabail an Ráitis Bhuntábhachta mar a leagtar síos thuas. Ceadófar Uasmharc Carnach 30 marc i leith Ráitis Bhuntábhachta agus ceadófar Uasmharc 10 marc i leith Mheastóireacht Ghinearálta an scrúdaitheora ar an bhfreagra. Feic an scála aistritheach thíos.

**Marc Carnach (MC)**
Seo é an marc iomlán a bhronntar mar gheall ar Ráitis Bhuntábhachta, faoi réir ag uasmhéid marcanna 20 marc i gcás chuid B agus uasmhéid marcanna 30 marc i gcás chuid C.

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)**
Agus marcanna á mbronnadh faoi MG, tabharfaidh an scrúdaitheoir san áireamh a fheabhas a thagann an freagra leis an gceannteideal nó a théitear i ngleic leis an gceist a cuireadh. Beidh an tábla grádúcháin seo a leanas i bhfeidhm:

***Sármhaith*** 9-10 marc
***Go han-mhaith:*** 7-8 marc
***Go maith:*** 5-6 mharc
***Réasúnta:*** 3-4 mharc
***Lag:*** 0-2 mharc

Agus marcanna faoi MC agus MG araon á mbronnadh, beidh dearcadh oscailte ag an scrúdaitheoir, ag déileáil leis an ábhar, maidir leis an réimse freagraí inghlactha a bhféadfaí bheith ag súil leo ó iarrthóir ar an nGnáthleibhéal agus beidh tuiscint ag an scrúdaitheoir ar scóip an eolais agus na scileanna staire a éilítear faoin siollabas.

## *Nótaí maidir le topaicí faoi leith*

### *ROINN 2: ÉIRE (200 marc)*

Freagair ceisteanna ar **dhá** cheann de na sé thopaic thíos.

*Éire: Topaic 1*

**Leasú agus Reifirméisean in Éirinn na dTúdarach, 1494-1558**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | An scoláire mór le rá nó an t-ealaíontóir | (6) |
| A2. | Déantar maitheas do chlú duine/Glóir shíoraí (don duine sin) | (6) |
| A3. | Déantar dochar do chlú duine/Is ionann é agus breith an bháis | (6) |
| A4. | Sagairt (3M) Filí (3M) | (6) |
| A5. | Aon phointe bailí AMHÁIN faoi oiliúint na mBard | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 2*

**Éirí amach agus concas in Éirinn i réimeas Eilíse, 1558-1603**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Cúigear | (6) |
| A2. | Míle (nó níos mó) | (6) |
| A3. | Cúigear (nó níos lú) | (6) |
| A4. | Bíoblaí (3M) Leabhair Chomaoineach (3M) | (6) |
| A5. | Fadhb bhailí AMHÁIN a bhí rompu siúd a bhí ag iarraidh an Reifirméisean a chur chun cinn | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG= 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 3*

**An ríocht agus an choilíneacht: An streachailt don lámh uachtair in Éirinn, 1603-1660**

A1. D'fhógair sé na tailte a bhí le bronnadh (ar ghealltóirí, ar sheirbheoirí nó ar na hÉireannaigh dhúchasacha) (6)
A2. Na dúchasaigh (6)
A3. Daonra measctha de Shasanaigh agus d'Éireannaigh (6)
A4. Gealltóirí Briotanacha (6)
A5. Cúis bhailí AMHÁIN maidir le cén fáth ar éirigh le Plandáil Uladh nó ar theip uirthi (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG= 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 4*

**Cinsealacht choilíneachta á bunú, 1660-1715**

A1. Muintir Talbot/Muintir Wolverston/Muintir Barnewalls/Muintir Cheevers/Muintir Archibald/Muintir Foster
TRÍ cinn ar bith ag 2M an ceann (6)
A2. Bhí Fionnghlas ar cheann de na hionaid ab fhaiseanta mar áit chónaithe do na huaisle (6)
A3. An uaisle (6)
A4. Línéadach (6)
A5. Pointe bailí AMHÁIN faoi Acht an tSocraithe agus an tAcht Mínithe (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG= 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 5*

**An choilíneacht in aghaidh na ríochta – teannais in Éirinn i lár an ochtú haois déag, 1715-1770**

A1. Níos mó tógáil bóithre (6)
A2. Caipiteal faighte ar iasacht agus an t-ioncam a measadh a thiocfadh as dolaí mar urrús (6)
A3. Trí bhéas nó cáin a ghearr an tArd-Ghiúiré ar áitritheoirí maoine (6)
A4. Bhí siad ina n-iomláine chomh maith leo siúd timpeall ar Londain (6)
A5. Cúis bhailí AMHÁIN leis an bhfás ar an smuigleáil (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG= 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 6*

**Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | (John) Foster | (6) |
| A2. | Sibhialtacht, rachmas agus déantúsaíocht (2M x 3) | (6) |
| A3. | An cogadh seo | (6) |
| A4. | Spiorad, sástacht agus fiontraíocht (2M x 3)/Bunreacht saor | (6) |
| A5. | Pointe bailí AMHÁIN faoi ionadaíocht na hÉireann i dTeach na dTeachtaí. | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG= 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

## *ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (100 marc)*

Freagair ceisteanna ar cheann **amháin** de na cúig thopaic thíos.

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*

**An Eoraip ón Athbheochan go dtí an Reifirméisean, 1492-1567**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | An Cairdinéal Rouen | (6) |
| A2. | Dosháraithe | (6) |
| A3. | DHÁ ghné ar bith ón dara alt téacs @ 3M an ceann | (6) |
| A4. | Alt deireanach téacs nó focail dá leithéid | (6) |
| A5. | Ealaíontóir AMHÁIN ar bith de chuid na hAthbheochana seachas Michelangelo | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG= 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*

**Éiclips na Sean-Eorpa, 1609-1660**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Dhiúltaigh sé bronntanas a chuir siad chuige | (6) |
| A2. | Na Molacaí | (6) |
| A3. | A cuid acmhainní mianracha | (6) |
| A4. | An Spáinn | (6) |
| A5. | Aon phointe bailí AMHÁIN faoi cé chomh rathúil agus a bhí na Dúitsigh | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG= 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*
**An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660-1715**

A1. Ba ansin a tharraing an mionlach clampar/Bhí sé den tuairim go raibh sé baolach cónaí ansin (6)
A2. An chúirt a lonnú lasmuigh de Pháras (6)
A3. A leannáin/A chumainn (6)
A4. Fiach (3) Tógáil (3) (6)
A5. Aon chúis bhailí AMHÁIN (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG= 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*
**Impireachtaí á mbunú, 1715-1775**

A1. Ghléas sé é féin i gculaith Indiaigh (3) Phéinteáil sé a aghaidh le deannach guail (3) (6)
A2. Tua (3) Cleith (3) (6)
A3. Sin an áit a raibh na longa leis an tae orthu/Bhí sé ag comhlíonadh orduithe (6)
A4. Scoilt siad na cófraí tae/Chaith siad thar bord iad/Chuir siad a gcuid orduithe i gcrích (6)
A5. Aon phointe bailí AMHÁIN faoi Washington (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG= 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*
**Impireachtaí faoi réabhlóid, 1775-1815**

A1. An 6 Meán Fómhair (6)
A2. Deireadh lena gcruatan/Dóchasach go mbeadh creach le fáil/Ag súil le gradaim mhíleata (6)
A3. Ag breacadh an lae (6)
A4. Meabhrúchán faoi na buanna a bhí bainte amach acu roimhe seo/Tuaradh an bua sa chath a bhí ag teacht (6)
A5. Níor ghabh. Cúis bhailí AMHÁIN (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG= 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

Leathanach Bán

Leathanach Bán